

English language version available overleaf

A chara,

Go raibh maith agat as freastal ar an seisiún eolais faoi chúrsaí Dioplóma sa Ghaeilge le hOllscoil na Gaillimhe aréir. Don dream nach raibh in ann freastal ar an ócáid seo, seo a leanas roinnt eolais a tugadh dúinn aréir;

- Tá an Dioplóma sa Ghaeilge ar fáil ag ceithre leibhéal ó A2 (tosaitheoirí) go B1 & B2 (meánleibhéal) agus ardleibhéal C1. Breis eolais faoin Dioplóma sa Ghaeilge anseo: https://www.nuigalway.ie/acadamh/cursai/cursai_diploma/
- Cúrsa ollscoile páirt-aimseartha thar dhá bhliain atá i gceist le cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge
- Bíonn rang amháin 3 uair an chloig ar siúl oíche amháin sa tseachtain (10 seachtain sa chéad téarma roimh Nollaig agus 10 seachtain sa dara téarma théis na Nollag)
- Tá lámhleabhar ag dul leis an gcúrsa agus na haonaid/ábhar ranga ann. Faigheann gach scoláire a lámhleabhar féin don chúrsa.
- Bíonn measúnú gearr le déanamh uair sa téarma agus obair bhaile/measúnú leanúnach ar siúl freisin. Bíonn scrúdú scríofa agus scrúdú cainte ag deireadh na bliana.
- Má bhíonn dóthain daoine againn do rang i mBéal an Mhuirthead, táthar ag súil go dtosóidh na ranganna i dtreo dheireadh na míosa seo (lá agus am le socrú do ranganna Bhéal an Mhuirthead fós).
- **Táille speisialta laghdaithe:** €300 in aghaidh na bliana (gnáth-tháille €990 sa bhliain)
- Scéim scoláireachtaí beartaithe ag Gaeilge Iorrais do chéad bhliain an chúrsa (ar luach 50%) chun tacú le hiarrthóirí atá lonnaithe go lánaimseartha sa Ghaeltacht seo. Beidh muid ag roinnt sonraí leis an Ollscoil chun an scéim seo a riaradh. Má éiríonn linn dóthain daoine a fháil chun rang a chur ar bun, cuirfidh muid eolas chugaibh faoin seo.
- Le hiarratas a dhéanamh ar an gcúrsa, caithfear **foirm iarratais** agus **trial socrúcháin teanga** a chomhlánú ar líne agus **ar ríomhaire** ag an nasc seo a leanas
<https://forms.office.com/pages/responsepage.aspx?id=hrHjE0bEq0qcbZq5u3aBbEBqY-I2j5IPsaGFa-C7v9URVJUOFFQOU1JVTA3MDVMR1VWQVZHOFVFLQI4u>

Ní chaithfidh glantosaítheoirí/leibhéal A2 an triail socrúcháin teanga a chomhlánú

- Tar éis duit d'fhoirm iarratais agus triail socrúcháin teanga a chomhlíonadh, gheobhaidh tú scéal ó Oifig an Dioplóma in Ollscoil na Gaillimhe.
- Ba mhór againn dá líonfadh aon duine a bhfuil suim acu tabhairt faoin Dioplóma sa Ghaeilge an fhoirm iarratais agus an triail socrúcháin teanga **asap agus roimh dheireadh na seachtaine seo** ionas go mbeidh tuairim níos fearr againn faoi uimhreacha agus na leibhéil i gceist.
- Deis iontach í seo do mhuintir an cheantair tabhairt faoin gcúrsa iontach seo agus cáilíocht ollscoile a bhaint amach sa Ghaeilge ina gceantar féin. Scaip an scéal le do thoil.

A chara,

Many thanks for attending the information evening held by the University of Galway yesterday regarding the Diploma in Irish. For those of you that couldn't attend this event, here follows a summary of the information that was shared;

- The Diploma sa Ghaeilge runs at four different levels from A2 (beginners) to B1 & B2 (intermediate) and C1 (higher level). Further information regarding the Diploma sa Ghaeilge can be found at: https://www.nuigalway.ie/acadamh/cursai/cursai_dioploima/
- The Diploma is a two-year part-time university course (University of Galway).
- The course consists of one 3-hour class a week (10 weeks in the first semester before Christmas and 10 weeks in the second semester after Christmas).
- Each student receives a handbook for their Diploma course, which contains an outline of course work for each week.
- A short assessment is to be completed every term and some homework/continuous assessment also. A written exam and an oral exam are done at the end of the year.
- If we have enough people to run a course in Belmullet, we expect that classes would start towards the end of this month (day and time of classes to be decided yet).
- Special reduced course fee: €300 for the year (usual fee is €990 per year).
- A scholarship scheme will be provided by Gaeilge Iorrais for the first year of the course (50% of fees) to support candidates that are living full-time in this Gaeltacht area. We will be in touch with further info if there are enough people to run a class here. We will have to share information with the University to organise this.
- To apply for this course, you must fill in the **application form** and complete a **language placement test** online and at your computer. We understand that there may be issues completing this test on other devices. Application form is available at this link:

<https://forms.office.com/pages/responsepage.aspx?id=hrHjE0bEq0qcbZq5u3aBbEBqY-I2j5IPsaGFa-C7v9URVJUOFFQOU1JVTA3MDVMR1VWQVZHOVFLQI4u>

Please note that complete beginners are not required to complete the language placement test but must complete the university application form (.i. complete beginners are those that have no prior knowledge of the Irish language).

- After completing the application form and the placement test online, you will hear from the Diploma Office at the University of Galway.
- We would appreciate if anyone with an interest in the Diploma could fill out the application form and complete the online placement test **asap and ideally before the end of this week**, which will give a much better idea of numbers and levels.
- This is a wonderful opportunity for people in this area to receive a university qualification in Irish in their own local area. Feel free to let others know about this.